AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.3.2024
COM(2024) 112 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/849

{SWD(2024) 50 final}

1. RÉAMHRÁ

De réir Airteagal 65(1) de Threoir (AE) 2015/849([1]) arna leasú le Treoir (AE) 2018/843([2]) , ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas ar chur chun feidhme na Treorach agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Liostaítear leis an bhforáil roinnt pointí atá le cumhdach sa tuarascáil, go háirithe faisnéis maidir le (a) bearta chun fadhbanna a bheidh ag teacht chun cinn agus forbairtí nua a bheidh mar bhagairt do chóras airgeadais an Aontais a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu; (b) gníomhaíochtaí leantacha maidir le constaicí náisiúnta i leith maoirseacht éifeachtach; (c) rochtain ar fhaisnéis d'údaráis inniúla agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (FIUnna) agus (d) comhar idirnáisiúnta agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (FIUnna); (e) Gníomhaíochtaí an choimisiúin chun comhlíontacht na mBallstát leis an Treoir a fhíorú agus chun measúnú a dhéanamh ar fhadhbanna atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí nua sna Ballstáit; (f) faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil eintiteas corparáideach agus eintiteas dlíthiúil eile a corpraíodh lasmuigh den Aontas agus bearta díchill chuí feabhsaithe maidir le daoine atá faoi riteacht pholaitiúil; agus (g) urraim do na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Iarrtar leis an tríú fomhír d'Airteagal 65(1) de Threoir (AE) 2015/849 ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann tograí nua reachtacha a dhéanamh maidir le roinnt topaicí sonracha, go háirithe bunachair sonraí úsáideoirí airgeadra fhíorúil, oifigí um aisghabháil sócmhainní agus daoine atá faoi riteacht pholaitiúil. Is é is aidhm don tuarascáil seo na gnéithe sonracha uile a liostaítear in Airteagal 65 de Threoir (AE) 2015/849 a chur san áireamh. Cé go gcumhdaítear roinnt de na pointí a liostaítear san Airteagal sin faoi roinn shonrach den tuarascáil seo, rinneadh na pointí eile a ghrúpáil le chéile i ranna chun caitheamh leo ar bhealach comhleanúnach([3]).

([1]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

([2]) Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).

([3]) Cumhdaítear na pointí a liostaítear in Airteagal 65(1) de Threoir (AE) 2015/849 sa tuarascáil seo ar an mbealach seo a leanas: Cumhdaítear le Roinn 2 den tuarascáil an chéad chuid de phointe (e) d'Airteagal 65(1) a bhaineann le cuntas ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin chun a fhíorú go ndéanann na Ballstáit bearta i gcomhréir leis an Treoir seo chomh maith le pointe (b) d'Airteagal 65(1), cumhdaítear le Roinn 3 maidir le measúnú riosca agus maolú riosca an dara cuid de phointe (e) a bhaineann le gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun measúnú a dhéanamh ar fhadhbanna atá ag teacht chun cinn agus forbairtí nua sna Ballstáit chomh maith le pointe (a) d'Airteagal 65(1), le Roinn 4 maidir le rochtain ar fhaisnéis agus comhar, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta, maidir le hÚdaráis Náisiúnta Inniúla agus FIUnna cumhdaítear pointe (c), cumhdaítear le Roinn 5 maidir le faisnéis ar úinéireacht thairbhiúil i dtaca le heintitis a corpraíodh lasmuigh den Aontas an chéad chuid de phointe (f), cumhdaítear le Roinn 6 maidir le bearta díchill chuí custaiméara feabhsaithe do dhaoine atá faoi riteacht pholaitiúil an dara cuid de phointe (f), cumhdaítear le Roinn 7 maidir le cearta bunúsacha pointe (g) agus cumhdaítear le Roinn 8 an tríú fomhír d'Airteagal 65(1) de Threoir (AE) 2015/849 lena soláthraítear measúnú ar an ngá atá ann tograí nua reachtacha a dhéanamh maidir le bunachair sonraí úsáideoirí airgeadra fhíorúil agus oifigí gnóthaithe sócmhainní.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh ó fhoinsí éagsúla, is é sin dhá shuirbhé a rinne ranna an Choimisiúin i measc na mBallstát, chomh maith le hionchur ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus staidéar a rinne Comhairle na hEorpa([4]): Rinne an Coimisiún suirbhé in 2022 i measc na mBallstát tríd an nGrúpa Saineolaithe maidir le sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta (ML/TF) agus trí líonra ÚBE de shaineolaithe náisiúnta maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac chun ionchur maidir le faisnéis a bhailiú i dtaca le gníomhaíochtaí a rinneadh ar leibhéal na mBallstát a iarradh go sonrach le hAirteagal 65 de Threoir (AE) 2015/849. Thairis sin, in 2022 rinne an Coimisiún suirbhé i measc FIUnna maidir lena rochtain ar fhaisnéis ábhartha. Thug ÚBE ionchur maidir le cur chun feidhme AMLD, maidir le measúnú riosca ML/TF lena n-áirítear rioscaí atá ag teacht chun cinn agus maolú riosca, agus maidir le rochtain ar fhaisnéis agus comhar idir údaráis náisiúnta inniúla agus FIUnna. Rinne Comhairle na hEorpa staidéar ar chur chun feidhme éifeachtach Threoir (AE) 2015/849 i mBallstáit an Aontais faoi chonradh leis an gCoimisiún. Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar na hionchuir sin uile agus tar éis dó teacht ar a chonclúidí féin, chuir sé a thorthaí san áireamh sa tuarascáil. Cuireadh isteach na hionchuir is déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus cuireadh san áireamh faisnéis suas go dtí an 15 Meán Fómhair 2023, chun go mbeadh neart ama ann chun an fhaisnéis a fuarthas a phróiseáil.

Tar éis an ceanglas a leagadh amach le Treoir (AE) 2018/843, a glacadh an 30 Bealtaine 2018, don Choimisiún maidir le tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur chun feidhme na Treorach, tá tuilleadh forbartha tagtha ar an gcreat a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT). Ó bhí 2017 ann, bhí roinnt cásanna suntasacha ann de sciúradh airgid a bhain le hinstitiúidí creidmheasa, gairmithe agus gnóthaí an Aontais amhail iniúchóirí, comhairleoirí cánach agus soláthraithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraithe seirbhísí do chuideachtaí agus léirigh sé sin gur ann do laigí struchtúracha sa chóras atá i bhfeidhm faoi láthair. Chun aghaidh a thabhairt ar na laigí struchtúracha, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta i láthair an 7 Bealtaine 2020 agus chuir sé síos pacáiste de thograí reachtacha maidir le AML/CFT (pacáiste AML/CFT) an 20 Iúil 2021, atá á chaibidil faoi láthair idir na comhreachtóirí([5]). Leis na tograí, tugtar aghaidh ar na saincheisteanna a sainaithníodh le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/849 arna leasú le Treoir (AE) 2018/843, i gcomhréir leis an anailís a rinneadh sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an bpacáiste AML/CFT([6]). Is é is cuspóir ginearálta don phacáiste AML/CFT creat rialála institiúideach cuimsitheach AML/CFT a bhaint

([4]) Áirítear achoimrí ar thorthaí na suirbhéanna agus an ionchuir a sholáthraíonn ÚBE sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil. Tá an staidéar a rinne Comhairle na hEorpa ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ó dháta foilsithe na tuarascála.

([5]) https://finance.ec.europa.eu/publications/anti-money-laundering-and-countering-financing-terrorism-legislative-package_en

([6]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, measúnú tionchair a ghabhann leis an bpacáiste um an sciúradh airgid a chomhrac, SWD (2021) 190 final. Tá páirteanna den phacáiste reachtach AML/CFT fós faoi chaibidil (amhail an 15 Meán Fómhair 2023).

amach. Déantar amhlaidh trí na ceanglais is infheidhme maidir le heintitis faoi oibleagáid a chomhchuibhiú, agus i ndáil le trédhearcacht i gcomhair úinéireacht thairbhiúil eintiteas dlíthiúil agus socruithe dlíthiúla, trí na cúraimí, na cumhachtaí agus na huirlisí atá ag maoirseoirí agus FIUnna a neartú, agus maoirseacht éifeachtach agus chomhsheasmhach agus comhar agus malartú faisnéise níos dlúithe a áirithiú i measc FIUnna trí ghníomhaíochtaí an Údaráis um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC) a bheidh ann amach anseo ([7]). Dá réir sin, tabhaítear leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an bpacáiste AML/CFT an mheastóireacht a éilítear faoi roinnt de na pointí a liostaítear in Airteagal 65(1) de Threoir (AE) 2015/849 agus tá glacadh leis an bpacáiste AML/CFT cheana féin agus sholáthar sé réiteach ar roinnt mhaith de na saincheisteanna a sainaithníodh. I gcás inarb ábhartha, áirítear i ngach roinn mínithe breise maidir leis an gcaoi a dtabharfar aghaidh leis an bpacáiste AML/CFT ar na saincheisteanna sonracha atá i gceist.

2. CUR CHUN FEIDHME THREOIR (AE) 2015/849 AGUS THREOIR (AE) 2018/843 LENA LEASAÍTEAR TREOIR (AE) 2015/849

Le hAirteagal 65(1)(e) de Threoir (AE) 2015/849, cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún cuntas ar ghníomhaíochtaí riachtanacha ón gCoimisiún a sholáthar chun a fhíorú go ndéanann na Ballstáit gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an Treoir AML/CFT.

Tá cur chun feidhme éifeachtach fós ag croílár straitéis an Choimisiúin maidir le AML/CFT. Sainaithníodh cheana féin le plean gníomhaíochta AML/CFT arna ghlacadh i mí na Bealtaine 2020 ([8]) cur chun feidhme éifeachtach chreat an Aontais maidir le AML/CFT atá ann cheana mar a phríomhthosaíocht. Is gá do na Ballstáit rialacha AML/CFT an Aontais a thrasuí agus is gá do na húdaráis inniúla agus eintitis faoi oibleagáid iad a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá sé dearbhaithe faoi láthair ag na Ballstáit uile go bhfuil trasuí Threoir (AE) 2015/849 agus Threoir (AE) 2018/843, lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849, curtha i gcrích.

Maidir le Treoir (AE) 2015/849, tá an measúnú curtha i gcrích ag an gCoimisiún ar an trasuí agus chuir sé tús le himeachtaí um shárú i gcás inarb infheidhme. Ón 15 Meán Fómhair 2023, níl ach dhá chás fós ar oscailt as na 34 chás sáraithe a osclaíodh ar dtús ([9]).

Maidir le Treoir (AE) 2018/843, chuir an Coimisiún an measúnú iomláine ar an trasuí i gcrích ag deireadh 2022. A mhéid a bhaineann le cásanna neamhchumarsáide, tar éis an sprioc-am trasuí dul in éag an 20 Eanáir 2020, seoladh ocht litir fógra fhoirmiúil i mí Feabhra 2020. I mí na Bealtaine 2020, seoladh litreacha fógra fhoirmiúil chuig ocht mBallstát breise ar fhoras a

([7]) Le haghaidh tuilleadh réamhfhaisnéis chúlra, féach an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

([8]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta um beartas cuimsitheach ón Aontas maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, 2020/C 164/06.

([9]) 28 gcás ar fhoras maidir le neamhthrasuí agus 6 chás ar fhoras neamhchomhréireachta.

bhaineann le trasuí pháirteach. I gcúig chás, d'imigh na himeachtaí chomh fada le céim na tuairime réasúnaithe. Níl aon cheann de na cásanna sin fós ar oscailt faoi láthair. Cuireadh tús le cás eile i mí Feabhra 2023. A mhéid a bhaineann le neamhchomhréireacht, cuireadh ceithre chás sáraithe ar oscailt, atá ag an gcéim maidir le litir fógra fhoirmiúil ón 15 Meán Fómhair 2023. Chuir an Coimisiún clabhsúr ar a mheasúnú faoi dheireadh 2023.

I dteannta le forfheidhmiú dlí, tugtar aghaidh freisin ar chur chun feidhme éifeachtach an chreata AML/CFT trí uirlisí éagsúla eile. Áirítear orthu sin moltaí AML/CFT tírshonracha mar chuid den Seimeastar Eorpach, chomh maith le cur chun feidhme garspriocanna agus tionscadal sonrach ar an leibhéal náisiúnta chun feabhas a chur ar éifeachtacht chórais AML/CFT na mBallstát faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Ina theannta sin, rinne Comhairle na hEorpa staidéar ar chur chun feidhme éifeachtach Threoir (AE) 2015/849 i mBallstáit an Aontais ([10]). Cuireadh tús leis an tionscadal an 24 Iúil 2019, ar tionscadal é a rinneadh faoi chonradh leis an gCoimisiún, agus lean sé ar aghaidh ar feadh níos mó ná 3 bliana. Sa tuarascáil staidéir, rinne Comhairle na hEorpa achoimre ar na torthaí agus ar na dea-chleachtais sna Ballstáit. Tháinig sé ar an gconclúid go raibh méid suntasach oibre déanta ag na Ballstáit chun na forálacha sonracha i dTreoir (AE) 2015/849 a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá na Ballstáit tiomanta do choireacht airgeadais a chomhrac, agus tá sé ar cheann dá bpríomhchuspóirí anois aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (ML/TF). Mar sin féin, sainaithníodh roinnt bearnaí ar gá do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu chun cur chun feidhme éifeachtach agus coincréiteach na bhforálacha measúnaithe de Threoir (AE) 2015/849 a áirithiú sa chleachtas. Tá an Coimisiún ag déanamh bearta leantacha go réamhghníomhach agus go córasach maidir le torthaí an staidéir.

Tá creat rialála cuimsitheach curtha i bhfeidhm ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), i gcomhréir lena sainordú dlíthiúil ([11]) chun iarrachtaí na hearnála airgeadais maidir le AML/CFT a threorú, a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu ar fud an Aontais, lena leagtar síos caighdeáin choiteanna d'institiúidí airgeadais agus dá maoirseoirí maidir leis na bearta ba cheart dóibh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca ML/TF. D'oibrigh sé freisin chun tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme éifeachtach an chreata seo trí chomhar a chur chun cinn idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT, FIUnna agus páirtithe leasmhara eile trí fhothú acmhainneachta, oiliúint agus múscailt feasachta, agus trí athbhreithnithe grinn a dhéanamh ar chineálacha cur chuige maoirseoirí náisiúnta chun dul i ngleic le riosca ML/TF. Tá moltaí

([10]) Tá an staidéar a rinne Comhairle na hEorpa ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ó dháta foilsithe na tuarascála.

([11]) Rialachán (AE) 1093/2010 ÚBE https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02010R1093-20210626&qid=1680524907642&from=en

spriocdhírithe curtha ar fáil ag ÚBE d'údaráis inniúla mar chuid dá athbhreithnithe chun a gcineálacha cur chuige a neartú agus chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí.

Le pointe sonrach atá le cumhdach sa tuarascáil de réir Airteagal 65(1)(b) de Threoir (AE) 2015/849 tugtar aghaidh ar ghníomhaíochtaí leantacha a rinneadh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an Bhallstáit ar bhonn ábhair imní a thugtar ar aird dóibh, lena n-áirítear gearáin a bhaineann le dlíthe náisiúnta a chuireann bac ar chumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha údarás inniúla agus comhlachtaí féinrialála. Ar leibhéal an Aontais, tugtar freagra ar roinnt mhaith de na dúshláin sin leis an bpacáiste AML/CFT 2021. Is amhlaidh an cás go háirithe maidir leis an gceist thuasluaite i ndáil le constaicí náisiúnta ar mhaoirseacht éifeachtach, ós rud é go soláthraítear leis an reachtaíocht bheartaithe creat comhleanúnach AE, maille le sásraí comhair atá comhlánaithe ag ról an údaráis um an sciúradh airgid a chomhrac a bheidh ann amach anseo, rud a fhágfaigh go sárófar an ilroinnt náisiúnta. Ar leibhéal na mBallstát, maidir leis an bpointe seo, níor thuairiscigh aon cheann de na 27 mBallstát aon bheart leantach den sórt sin. Thairis sin, níor thuairiscigh aon Bhallstát aon ghearán a bhaineann le dlíthe náisiúnta a chuirfeadh isteach, nó a d'fhéadfadh cur isteach, ar mhaoirseacht. Mar sin féin, thuairiscigh roinnt Ballstát bearta leantacha éagsúla arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar éifeachtacht na maoirseachta agus na ngníomhaíochtaí a dhéanann a n-údaráis mhaoirseachta, amhail tionscnaimh chun feabhas a chur ar chomhar idir maoirseoirí.

3. MEASÚNÚ RIOSCA AGUS MAOLÚ RIOSCA

Le hAirteagal 65(1)(e) de Threoir (AE) 2015/849, cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún cuntas ar ghníomhaíochtaí riachtanacha ón gCoimisiún a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar fhadhbanna atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí nua sna Ballstáit. Le hAirteagal 65(1)(a) iarrtar cuntas ar na bearta sonracha a glacadh agus na sásraí arna gcur ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an Bhallstáit chun fadhbanna a bheidh ag teacht chun cinn agus forbairtí nua a bheidh mar bhagairt do chóras airgeadais an Aontais a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an measúnú riosca fornáisiúnta, ina ndéantar measúnú ar an riosca ML/TF a dhéanann difear don mhargadh inmheánach agus a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann. Is é sin an tríú tuarascáil ([12]) den chineál sin, tar éis na leaganacha in 2017 agus 2019. Díríonn an measúnú ar leochaileachtaí ar leibhéal an Aontais i dtéarmaí an chreata dhlíthiúil agus a chur i bhfeidhm éifeachtach araon. Cuireann sé i láthair na príomhrioscaí don mhargadh inmheánach i raon leathan earnálacha agus na leochaileachtaí cothrománacha a fhéadfaidh difear a dhéanamh do na hearnálacha sin. Leagtar amach leis bearta

([12]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an measúnú ar an riosca a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanann difear don mhargadh inmheánach agus a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann, COM (2022) 554 final.

maolaitheacha ba cheart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus tugtar roinnt mhaith moltaí leis do na páirtithe leasmhara éagsúla lena mbaineann.

Ar leibhéal an Aontais, rinneadh bearta sonracha agus cuireadh sásraí ar bun chun fadhbanna a bheidh ag teacht chun cinn agus forbairtí nua a bheidh ina mbagairt do chóras airgeadais an Aontais a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu: Le Treoir (AE) 2015/849 bunaíodh an cur chuige rioscabhunaithe i ndlí an Aontais. Leis sin cuirtear de cheangal freisin ar na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna)([13]) treoirlínte a eisiúint chun tuiscint choiteann ar chur chuige rioscabhunaithe i leith AML/CFT a chur chun cinn ag institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus a maoirseoirí AML/CFT. Mar chuid de sin, d'eisigh na ÚMEnna treoirlínte maidir leis na fachtóirí ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a bhreithniú nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar an riosca ML/TF a bhaineann le gaolmhaireacht ghnó nó idirbheart ócáideach, agus na bearta ba cheart dóibh a dhéanamh chun na rioscaí sin a bhainistiú ([14]). D'eisigh siad treoirlínte freisin maidir leis na saintréithe a bhaineann le cur chuige rioscabhunaithe i leith maoirseacht AML/CFT, a bhí dírithe ar mhaoirseoirí ([15]). Rinne ÚBE treoirlínte a thabhairt cothrom le dáta ó shin chun rioscaí nua a chur san áireamh agus chun réitigh a sholáthar maidir le dúshláin choiteanna a bhaineann le cur chun feidhme. Rinne sé iad a chomhlánú freisin lena threoirlínte tionscnaimh féin agus tuairimí maidir le gnéithe sonracha de chóras AML/CFT na hEorpa mar is gá chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú, e.g. maidir le hionduchtú cian ([16]) agus maidir le róil agus freagrachtaí an oifigigh comhlíontachta AML/CFT ([17]).

([13]) Oibríonn ÚMEnna, is é sin an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ESMA), go príomha ar mhaoirseacht airgeadais san Aontas a chomhchuibhiú trí fhorbairt a dhéanamh ar an leabhar rialacha aonair, ar tacar caighdeán stuamachta é d'institiúidí airgeadais aonair. Cuidíonn ÚMEnna le cur chun feidhme comhsheasmhach an leabhair rialacha a áirithiú chun cothroime iomaíochta a chruthú. Tá siad sainordaithe freisin chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus leochaileachtaí san earnáil airgeadais.

([14]) EBA/GL/2021/02 an 1 Márta 2021: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2021/963637/Final%20Report%20on%20Guidelines%20on%20revised%20ML%20TF%20Risk%20Factors.pdf

([15]) EBA/GL/2021/16 an 16 Nollaig 2021: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2021/EBA-GL-2021-16%20GL%20on%20RBA%20to%20AML%20CFT/1025507/EBA%20Final%20Report%20on%20GL%20on%20RBA%20AML%20CFT.pdf

([16]) EBA/GL/2022/15 an 22 Samhain 2022: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2022/EBA-GL-2022-15%20GL%20on%20remote%20customer%20onboarding/1043884/Guidelines%20on%20the%20use%20of%20Remote%20Customer%20Onboarding%20Solutions.pdf

([17]) EBA/GL/2022/05 an 14 Meitheamh 2022: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2022/EBA-GL-2022-05%20GLs%20on%20AML%20compliance%20officers/1035126/Guidelines%20on%20AMLCFT%20compliance%20officers.pdf

Ó bhí 2017 ann, tá tuairimí eisithe ag na ÚMEnna maidir leis na rioscaí ML/TF a dhéanann difear don mhargadh inmheánach gach 2 bhliain. D'fhoilsigh ÚBE, faoina shainordú athbhreithnithe mar an t-aon chomhlacht AE atá freagrach as AML/CFT, mar a bronnadh air i mí Eanáir 2020, an tríú Tuairim maidir le rioscaí ML/TF in 2021 ([18]). Bhain na rioscaí ba shuntasaí in 2021 le hairgeadraí fíorúla agus seirbhísí airgeadais nuálacha. Sainaithníodh dí-rioscú mar ábhar imní freisin, agus d'fhoilsigh ÚBE tuarascáil agus tuairim maidir leis an topaic i mí Eanáir 2022 agus d'eisigh treoirlínte i mí an Mhárta 2023 ([19]). Foilsíodh an ceathrú Tuairim maidir le rioscaí ML/TF i mí Iúil 2023 ([20]).

Ó mhí Eanáir 2020, tugadh uirlisí agus cumhachtaí nua do ÚBE chun a chuid feidhmeanna a fhorghníomhú. Mar shampla, sainordaíodh le hAirteagal 9(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 do ÚBE 'measúnaithe riosca a dhéanamh ar straitéisí, acmhainneachtaí agus acmhainní na n-údarás inniúil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí is tábhachtaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann le ML/TF ar leibhéal an Aontais mar a sainaithníodh sa mheasúnú riosca fornáisiúnta', in éineacht lena shainordaithe atá ann cheana maidir le measúnú riosca.

Áirítear le measúnuithe riosca den sórt sin na rioscaí maidir le coireacht airgeadais a bhain le paindéim COVID-19 ([21]) ([22]), calaois cánach díbhinne 'cum-ex' agus freagraí ó údaráis Eorpacha do 'Luanda Leaks' ([23]). Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí an Mhárta 2022, d'eisigh ÚBE ráiteas inar cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le comhlíontacht le bearta sriantacha in aghaidh na Rúise agus an chosaint shealadach, tacaíocht agus éascú maidir le rochtain airgeadais

([18]) Is é ÚBE/Op/2021/04 an 3 Márta 2021 an tuairim is déanaí: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Opinions/2021/963685/Opinion%20on%20MLTF%20risks.pdf

([19]) EBA/GL/2023/04 an 31 Márta 2023: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2023/1054144/Guidelines%20on%20MLTF%20risk%20management%20and%20access%20to%20financial%20services.pdf agus Tuairim maidir le 'dí-rioscú', EBA/Op/2022/01, an 5 Eanáir 2022: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Opinions/2022/Opinion%20on%20de-risking%20%28EBA-Op-2022-01%29/1025705/EBA%20Opinion%20and%20annexed%20report%20on%20de-risking.pdf

([20]) https://www.eba.europa.eu/eba-publishes-fourth-opinion-%C2%A0-money-laundering-and-terrorist-financing-risks-across-eu

([21]) Ráiteas ÚBE maidir le gníomhaíochtaí chun rioscaí maidir le coireacht airgeadais a bhaineann le paindéim COVID-19 a mhaolú, a eisíodh an 31 Márta 2020: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/News%20and%20Press/Press%20Room/Press%20Releases/2020/EBA%20provides%20additional%20clarity%20on%20measures%20to%20mitigate%20the%20impact%20of%20COVID-19%20on%20the%20EU%20banking%20sector/Statement%20on%20actions%20to%20mitigate%20financial%20crime%20risks%20in%20the%20COVID-19%20pandemic.pdf

([22]) Nuachtlitir AML/CFT ÚBE, an 1ú Eagrán, an 15 Bealtaine 2020: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Other%20publications/2020/883686/EBA%20AML%20Newsletter_Issue%201-.pdf

([23]) ÚBE/REP/2022/05 an 22 Feabhra 2022: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Reports/2022/1027361/Report%20Risk%20assessment%20on%20Luanda%20Leaks%20under%20art%209a.pdf

do dhaoine a bhí ag teitheadh ón Úcráin mar iarmhairt den chogadh ([24]), agus d'eisigh treoracha níos mionsonraithe faoin bpointe seo i mí Aibreáin 2022. Díríonn an measúnú riosca is déanaí ó ÚBE faoi Airteagal 9a(5) de Rialachán (AE) Uimh 1093/2010 ar na rioscaí ML/TF a bhaineann le hinstitiúidí íocaíochta agus fógraíodh i Mí an Mheithimh 2023 é([25]).

Ina theannta sin, tá aghaidh tugtha ar roinnt mhaith saincheisteanna leis an bpacáiste reachtach AML/CFT, amhail trí bhreisithe ar liosta na n-eintiteas faoi oibleagáid, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (VASPanna), soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin, déileálaithe i miotail agus clocha lómhara agus oibreoirí a chabhraíonn le cónaitheacht trí infheistíocht. Thairis sin, beartaítear leis an bpacáiste AML/CFT forálacha nua a bhaineann leis na ceanglais maidir le measúnú riosca a chomhchuibhiú agus a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta (minicíocht, measúnú riosca ar dhaoine dlítheanacha a chur leis, cumhdach ar rioscaí maidir le himghabháil na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a bhaineann le maoiniú leata), rud a mhéadaíonn cumas an Aontais chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhrath agus a mhaolú ([26]).

Ar leibhéal na mBallstát, de réir an tsuirbhé a rinne an Coimisiún in 2022 i measc na mBallstát, tá measúnú riosca náisiúnta amháin ar a laghad déanta ag na Ballstáit uile ó bhí 2018 ann. Athraíonn an mhinicíocht a ndéantar iad a thabhairt cothrom le dáta ó Bhallstát go chéile go substaintiúil. Ina theannta sin, léiríonn freagraí ar an suirbhé go bhfuil measúnaithe riosca téamacha nó earnálacha éagsúla tarraingthe suas ag na húdaráis AML/CFT agus ag FIUnna. D'eisigh FIUnna i bhformhór na mBallstát anailísí straitéiseacha ar rioscaí sonracha nó rioscaí atá ag teacht chun cinn, go háirithe maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (VASPanna), oibríochtaí airgid, calaois agus mí-úsáid cánach.

Thairis sin, thuairiscigh tromlach mór na mBallstát i suirbhé 2022 gur chuir siad soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar an liosta d'eintitis faoi oibleagáid ó bhí 2018 ann faoin dlí AML/CFT náisiúnta ábhartha. Tá soláthraithe seirbhíse sluachistiúcháin, clubanna gairmiúla sacair nó páirtithe polaitíochta curtha ar an liosta freisin ag roinnt Ballstát, agus an tráth céanna tá trádálaithe saothair ealaíne, soláthraithe seirbhíse oifige nó idirghabhálaithe agus forbróirí eastáit réadaigh curtha ar an liosta ag Ballstáit eile.

De réir suirbhé 2022, d'eisigh tromlach mór na mBallstát treoirlínte nó ciorcláin maidir le nósanna imeachta um dhícheall cuí custaiméara agus fachtóirí riosca chun rioscaí ML/TF a chosc. Chuaigh Ballstáit áirithe níos faide fós agus thug siad isteach córais shaincheaptha agus rialacha AML/CFT

([24]) http://www.eba.europa.eu/eba-calls-financial-institutions-and-supervisors-provide-access-eu-financial-system

([25]) Tuarascáil ar rioscaí maidir le ML TF a bhaineann le hinstitiúidí íocaíochta: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Reports/2023/1056453/Report%20on%20ML%20TF%20risks%20associated%20with%20payment%20institutions.pdf

([26]) Tá an chuid seo den phacáiste reachtach AML/CFT fós faoi chaibidil (ón 15 Meán Fómhair 2023).

maidir le hearnálacha sonracha (e.g. VASPanna, déileálaithe i miotail agus clocha lómhara, gníomhairí eastáit).

4. ÚDARÁIS NÁISIÚNTA INNIÚLA AGUS FIUNNA – ROCHTAIN AR FHAISNÉIS AGUS COMHAR, LENA N-ÁIRÍTEAR AR AN LEIBHÉAL IDIRNÁISIÚNTA

Le hAirteagal 65(1)(c) de Threoir (AE) 2015/849 cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún cuntas a sholáthar ar infhaighteacht na faisnéise ábhartha d'údaráis inniúla agus FIUnna na mBallstát, maidir le húsáid an chórais airgeadais chun críoch ML agus TF a chosc, agus an tráth céanna le hAirteagal 65(1)(d) iarrtar cuntas ar an gcomhar idirnáisiúnta agus ar an malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus FIUnna.

Rinneadh neart feabhsúchán ar réimsí an mhalartaithe faisnéise agus an chomhair. Sa staidéar ó Chomhairle na hEorpa thángthas ar an gconclúid go raibh coistí nó comhlachtaí ar an leibhéal náisiúnta bunaithe i mbeagnach formhór na mBallstát chun dlúthchomhar agus comhordú idir údaráis inniúla a chur chun cinn chun na rioscaí ML/TF atá roimh Bhallstáit a shainaithint, a mheas agus a thuiscint agus chun forbairt agus cur chun feidhme éifeachtach na straitéisí a bhaineann le AML/CFT a áirithiú.

I gcás na hearnála airgeadais, glacadh céimeanna tábhachtacha ó glacadh Treoracha (AE) 2015/849 agus (AE) 2018/843 chun rochtain ar fhaisnéis agus comhar maoirseachta a fheabhsú. Go sonrach, foilsiú Threoirlínte Comhpháirteacha 2019 ó ÚMEnna maidir le Coláistí AML/CFT ([27]), Comhaontú Iltaobhach 2019 idir BCE agus údaráis inniúla, Treoirlínte ÚBE 2021 maidir le comhar idir maoirseoirí stuamachta agus AML/CFT agus FIUnna([28]), bunú EuReCA, bunachar sonraí AML/CFT ÚBE, agus obair ar an gcomhar a neartú idir maoirseoirí AML/CFT agus stuamachta.

Leis na trí Threoirlíne Chomhpháirteacha ó ÚMEnna maidir le Coláistí AML/CFT, cruthaítear creat le haghaidh comhar maoirseachta sa chomhthéacs trasteorann. D'éascaigh ÚBE bunú coláistí maoirseoirí AML/CFT agus déanann sé faireachán ar a bhfeidhmiú ([29]). Faoin 15 Meán Fómhair 2023, bhí 274 choláiste curtha ar bun. Leis an bpacáiste AML/CFT neartófar an creat sin

([27]) Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise, JC 2019 81 an 16 Nollaig 2019: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library//Joint%20Guidelines%20on%20cooperation%20and%20information%20exchange%20on%20AML%20-% https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2021/EBA-GL-2021-15%20GL%20on%20CFT%20cooperation/1025384/Final%20AML-CFT%20Cooperation%20Guidelines.pdf20CFT.pdf

([28]) https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2021/EBA-GL-2021-15%20GL%20on%20CFT%20cooperation/1025384/Final%20AML-CFT%20Cooperation%20Guidelines.pdf

([29]) Féach na tuarascálacha ÚBE maidir le coláistí AML/CFT: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Reports/2020/961425/Report%20o.n%20the%20functioning%20of%20AML%20Colleges%20.pdf and https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Reports/2022/1038179/Report%20on%20functionion%20of%20AML%20CFT%20Colleges.pdf

a thuilleadh trí oibleagáid dhlíthiúil a áireamh chun coláistí AML/CFT a bhunú le haghaidh creidmheas trasteorann nó institiúidí airgeadais a oibríonn i roinnt Ballstát.

I dTreoirlínte Comhair AML/CFT ÚBE, arna n-eisiúint i mí na Nollag 2021, soláthraítear treoraíocht maidir le téarmaí praiticiúla an chomhair agus an mhalartaithe faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus FIUnna ar leibhéal na mBallstát agus ar fud an Aontais. Maidir leis na treoirlínte sin, atá bunaithe ar Airteagal 117(6) de Threoir 2013/36/AE, cumhdaítear saolré iomlán na maoirseachta agus tugtar soiléireacht maidir leis an bhfaisnéis is ceart a mhalartú, leis na daoine ar cheart an fhaisnéis sin a mhalartú leo agus cathain is ceart í a mhalartú.

Cuireadh feabhas eile ar an gcomhar maoirseachta agus malartú faisnéise le hAirteagal 57a(2) de Threoir (AE) 2015/849 a tugadh isteach le Treoir (AE) 2018/843. Leis sin ceanglaítear ar ÚMEnna comhaontú a éascú idir BCE agus údaráis inniúla AML/CFT náisiúnta. D'fhoilsigh ÚBE comhaontú iltaobhach i mí Eanáir 2019, ar shínigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus breis agus 50 maoirseoir AML/CFT náisiúnta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch é. Áirítear ann aighneachtaí tráthrialta agus ad hoc ón dá thaobh maidir le heintitis faoi oibleagáid (rinneadh breis agus 1 000 malartú faisnéise aonair go dtí seo).

Chun an comhar agus malartú faisnéise a neartú a thuilleadh ar fud an Aontais, sheol ÚBE an chéad bhunachar sonraí AML/CFT Eorpach i mí Eanáir 2022, darb ainm EuReCA. Sa bhunachar sonraí sin tá faisnéis maidir le laigí ábhartha AML/CFT atá sainaitheanta ag maoirseoirí in institiúidí airgeadais aonair, chomh maith le bearta sonracha atá déanta ag maoirseoirí chun freagairt do na laigí sin. Níl oibleagáidí tuairiscithe teoranta do mhaoirseoirí AML/CFT ach baineann siad leis na maoirseoirí uile san earnáil airgeadais. Is féidir le ÚBE faisnéis ó EuReCA a chomhroinnt le húdaráis inniúla aonair ar a thionscnamh féin agus arna iarraidh sin do mhaoirseoir chun tacú leo ag gach céim den phróiseas maoirseachta. Baineann ÚBE úsáid as freisin chun rioscaí agus treochtaí sonracha a shainaithint ar an leibhéal earnála agus ar an leibhéal Eorpach. Ón 15 Meán Fómhair 2023, bhí 924 aighneacht faighte ag EuReCA san iomlán ó 36 údarás AML/CFT agus stuamachta (lena n-áirítear BCE), lena n-áirítear 608 laige ábhartha agus 316 bheart a bhain le 210 eintiteas (institiúidí creidmheasa agus institiúidí íocaíochta den chuid is mó) ([30]).

I mí an Mhárta 2022, d'fhoilsigh ÚBE Treoirlínte athbhreithnithe maidir le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí comhchoiteanna don phróiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta([31]) , a leasaíodh chun a leagan amach conas ba cheart do mhaoirseoirí stuamachta

([30]) Tuairisciú EuReCA ón 15 Meán Fómhair 2023.

([31]) EBA/GL/2022/03 an 18 Márta 2022, Treoirlínte maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta – SREP: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2022/EBA-GL-2022-03%20Revised%20SREP%20Guidelines/1028500/Final%20Report%20on%20Guidelines%20on%20common%20procedures%20and%20methodologies%20for%20SREP%20and%20supervisory%20stress%20testing.pdf

rioscaí ML/TF a chur san áireamh ina gcuid oibre maoirseachta stuamachta. Comhlánaíonn na treoirlínte athbhreithnithe obair ÚBE i gcoitinne maidir le dul i ngleic le riosca ML/TF trí mhaoirseacht stuamachta, ina gcuimsítear Treoirlínte maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme ([32]) agus Treoirlínte maidir le rialachas inmheánach ([33]).

A bhuí leis na hiarrachtaí a rinne ÚBE maidir le rioscaí ML/TF a leabú i ngach uile réimse dá obair mhaoirseachta, tá feabhas á chur ar an gcomhar agus ar an malartú faisnéise idir maoirseoirí náisiúnta AML/CFT agus maoirseoirí stuamachta. Mar sin féin, aithníonn ÚBE freisin gur ann i gcónaí do bhacainní cultúrtha agus nós imeachta agus gur féidir leo srian a chur ar chomhar éifeachtach agus ar thorthaí maoirseachta. Tá coinne aige leis go dtabharfar aghaidh ar na heasnaimh sin de réir mar a chuirfidh údaráis stuamachta treoirlínte ábhartha chun feidhme.

Léiríonn suirbhé 2022 ar na Ballstáit nach bhfuil an comhar idir maoirseoirí san earnáil neamhairgeadais (ina gcuimsítear cineálacha éagsúla eintiteas faoi oibleagáid amhail dlíodóirí, nótairí, comhairleoirí cánach agus cuntasóirí, ach freisin gníomhairí eastáit réadaigh, soláthraithe seirbhísí cearrbhachais agus trádálaithe earraí áirithe), nach bhfuil an comhar sin chomh foirmiúil agus atá sé san earnáil airgeadais. Tá sé sin amhlaidh freisin mar gheall nach féidir le maoirseoirí san earnáil neamhairgeadais contrapháirteanna a shainaithint go héasca i gcónaí, mar gheall nach ann do rialacha soiléire agus údarás ar leibhéal an Aontais ag a bhfuil sainordú AML/CFT maidir leis na hearnálacha sin. Ina theannta sin, na malairtí a bhíonn idir comhlachtaí féin-rialála, ar údaraíodh iad i roinnt Ballstát chun maoirseacht a dhéanamh ar ghairmeacha dlí agus ar ghníomhairí eastáit, le maoirseoirí AML/CFT eile, is gnách leo tarlú go neamhfhoirmiúil agus ar bhonn cás ar chás.

Dúshlán sonrach is ea malairtí faisnéise éasca a áirithiú idir maoirseoirí AML/CFT agus eintitis faoi oibleagáid a fheidhmíonn bunaíochtaí i mBallstát ach a bhfuil a gceannoifig acu i dtír eile, amhail soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus eisitheoirí ríomh-airgid a bhíonn i láthair trí ghníomhairí agus dáileoirí san earnáil airgeadais. Taispeánann suirbhé 2022 gur bealach éifeachtach a úsáidtear go forleathan chun faisnéis a fháil é ionadaithe a ghníomhaíonn mar phointí teagmhála a ainmniú. Mar chuid den phacáiste AML/CFT, mhol an Coimisiún go bhféadfaí an

([32]) Treoirlínte Comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Threoir 2014/65/AE, EBA/GL/2021/06 an 2 Iúil 2021: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2021/EBA-GL-2021-06%20Joint%20GLs%20on%20the%20assessment%20of%20suitability%20%28fit%26propoer%29/1022127/Final%20report%20on%20joint%20EBA%20and%20ESMA%20GL%20on%20the%20assessment%20of%20suitability.pdf

([33]) Treoirlínte maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/AE, EBA/GL/2021/05 an 2 Iúil 2021: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Guidelines/2021/1016721/Final%20report%20on%20Guidelines%20on%20internal%20governance%20under%20CRD.pdf

fhéidearthacht a leathnú chuig soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní ionas go gceanglófaí ar na Ballstáit pointe teagmhála lárnach a cheapadh, ar rud é atá ann cheana i gcás eisitheoirí ríomh-airgid agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta a ghníomhaíonn trí ghníomhairí nó dáileoirí.

A mhéid a bhaineann le FIUnna, iarradh orthu i suirbhé breise arna dhéanamh ag an gCoimisiún in 2022 a léiriú cé acu atá rochtain dhíreach nó indíreach acu ar fhoinsí áirithe faisnéise airgeadais, riaracháin agus ar fhoinsí faisnéise a bhaineann le forfheidhmiú an dlí. Cuirtear i dtábhacht i dtorthaí na hanailíse sin gur ann do roinnt dibhéirseachta i gcumhachtaí FIUnna faisnéis a rochtain, ar faisnéis í a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar a gcumas anailísí éifeachtacha a dhéanamh agus comhoibriú le chéile. Féachtar i dtogra an Choimisiúin maidir le Treoir nua AML/CFT tacú le hanailís éifeachtach a dhéanann FIUnna an Aontais trí liosta íosta faisnéise a shainordú, ar liosta é ba cheart do FIUnna a bheith in ann a rochtain.

A mhéid a bhaineann le comhar idirnáisiúnta agus malartú faisnéise na n-údarás náisiúnta inniúil le tríú tíortha, ar pointe é a chumhdaítear in Airteagal 65(1)(d), taispeánann torthaí shuirbhé 2022 nár bhain na maoirseoirí AML náisiúnta uile ar institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais leas as Airteagal 57a(5) de Threoir (AE) 2015/849 chun comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích le húdaráis inniúla tríú tíortha. Sin toisc gur ann do roghanna malartacha: sa chleachtas, is cosúil go n-áiríonn maoirseoirí forálacha ábhartha AML/CFT i gcomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha eile (e.g. meabhrán tuisceana iltaobhach na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús). Thairis sin, i gcomhréir le treoirlínte Údarás Faireacháin CSTE, measann coláistí maoirseachta AML/CFT go mbeidh maoirseoirí as tríú tíortha rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcás inarb ábhartha, agus tugtar le fios i dtorthaí ó fhaireachán ÚBE ar choláistí AML/CFT go dtarlaíonn sé sin sa chleachtas. Mar chuid den phacáiste AML/CFT, bheadh na Ballstáit in ann maoirseoirí uile na hearnála airgeadais a údarú chun comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích.

San earnáil neamhairgeadais, níor tuairiscíodh aon chomhshocraíocht aonair chun faisnéis a mhalartú le tríú tíortha. Is féidir é sin a mhíniú i bpáirt mar gheall go bhfeidhmíonn roinnt mhaith eintiteas faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais ar an leibhéal áitiúil agus laistigh de theorainneacha náisiúnta, agus go bhfeidhmíonn siad freisin de réir na gceanglas sonrach a bhfuil feidhm acu maidir le soláthar seirbhísí thar theorainneacha, a bhféadfaí ath-cheadúnú a áireamh leis. Sa chás seo, malartaítear faisnéis le húdaráis mhaoirseachta tríú tíortha ar bhonn cás ar chás.

A mhéid a bhaineann leis an gcomhar idirnáisiúnta agus le malartú faisnéise FIUnna, ní thugann Treoir (AE) 2015/849 aghaidh ar chomhar FIUnna i mBallstáit an Aontais le FIUnna i dtríú tíortha ná ní rialaítear an comhar sin inti. Mar sin féin, malartaíonn FIUnna sna Ballstáit uile faisnéis le FIUnna i dtríú tíortha ar bhonn tráthrialta. Déantar é sin ar bhonn Chairt Ghrúpa Egmont, comhaontuithe déthaobhacha nó meabhráin tuisceana. Tá éagsúlacht ag baint le raon feidhme na meabhrán tuisceana i dtéarmaí fócais gheogrfiuigh. Thuairiscigh Aonad um Fhaisnéis Airgeadais

amháin, mar shampla, gur thug sé níos mó ná céad comhshocraíocht den sórt sin i gcrích, agus níos lú ná sin tugtha i gcrích ag FIUnna eile.

5. FAISNÉIS MAIDIR LE HÚINÉIREACHT THAIRBHIÚIL I DTACA LE HEINTITIS A CORPRAÍODH LASMUIGH DEN AONTAS

Iarrtar in Airteagal 65(1)(f) anailís ar a indéanta atá bearta sonracha agus sásraí sonracha ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát maidir leis na féidearthachtaí chun faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile a corpraíodh lasmuigh den Aontas a bhailiú agus rochtain a fháil uirthi.

Príomheilimint de chreat AML/CFT an Aontais is ea trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil. Cé go leagtar síos rialacha le hAirteagal 30 de Threoir (AE) 2015/849 chun trédhearcacht maidir le húinéireacht thairbhiúil na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil eile a corpraíodh laistigh den Aontas a áirithiú, níl feidhm ag rialacha trédhearcachta den sórt sin maidir le heintitis chorparáideacha eachtracha. Fágann sé sin go mbíonn sé níos deacra ag FIUnna agus ag údaráis forfheidhmithe dlí a bhíonn i mbun anailíse nó imscrúdaithe ar eintitis dhlíthiúla i scéimeanna coiriúla féideartha iad sin a rialaíonn iad a shainaithint.

Taispeánann suirbhé 2022 nach n-éilíonn tromlach mór de na Ballstáit (23) faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a bhailiú i dtaca le heintitis dhlíthiúla eachtracha. Chuir roinnt Ballstát (12) i dtábhacht go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ar fáil de mhéid teoranta bunaithe ar cheanglais na n-eintiteas faoi oibleagáid maidir le dícheall cuí don chustaiméir agus/nó i gcás ina rialaíonn eintiteas eachtrach agus a úinéir tairbhiúil/úinéirí tairbhiúla eintiteas dlíthiúil náisiúnta agus/nó gur leo an t-eintiteas sin agus dá bhrí go dtaifeadtar iad sa chlár náisiúnta maidir le húinéireacht thairbhiúil. Ní bhailíonn ach líon beag Ballstát (5) faisnéis ar úinéireacht thairbhiúil go réamhghníomhach maidir le heintitis dhlíthiúla eachtracha. Bunaithe ar na freagraí, spreagtar an ceanglas sin maidir le nochtadh d'eintitis eachtracha nuair a fhaightear eastát réadach nó i gcás ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil eachtrach ag feidhmiú trí bhunaíocht sa Bhallstát agus ag giniúint gníomhaíocht eacnamaíochta nó oibleagáidí cánach.

Áirítear forálacha sa phacáiste AML/CFT chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí ML/TF atá nasctha le heintitis dhlíthiúla eachtracha agus chun na rioscaí sin a mhaolú. Comhlánaíonn siad an ceanglas atá ann cheana chun faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a fháil agus a shealbhú maidir le iontaobhais i gcás ina bhfuil áit bhunaíochta nó chónaithe an iontaobhaí nó an duine ag a bhfuil post comhchosúil i gcomhshocraíocht dhlíthiúil chomhchosúil lasmuigh den Aontas in Airteagal 31(3a) de Threoir (AE) 2015/849. Go sonrach, ceanglaítear faisnéis ar úinéireacht thairbhiúil maidir le heintitis dhlíthiúla a corpraíodh lasmuigh den Aontas a chlárú le linn dóibh gaolmhaireacht ghnó a dhéanamh le heintiteas faoi oibleagáid nó le linn dóibh eastát réadach a

fháil i mBallstát. Réamh-mheasadh leis an togra Moladh athbhreithnithe 24 de chuid an Tascfhórsa Gníomhaíochta Airgeadais (FATF), an comhlacht idirnáisiúnta socraithe caighdeán sa réimse AML/CFT, arna ghlacadh i mí an Mhárta 2022, a éilíonn i measc nithe eile go mbeidh rochtain ag údaráis inniúla ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil cuideachtaí agus eintiteas dlíthiúil eile nár corpraíodh sa tír ach ag a bhfuil nasc leordhóthanach leis agus a chuireann rioscaí i láthair maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta.

6. DAOINE ATÁ FAOI RITEACHT PHOLAITIÚIL – BEARTA FEABHSAITHE MAIDIR LE DÍCHEALL CUÍ

Iarrtar freisin in Airteagal 65(1)(f) go ndéanfaí anailís ar chomhréireacht na mbeart dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 20. Leagtar amach ann na bearta breise maidir le dícheall cuí do chustaiméirí a bheidh le déanamh i gcásanna ina mbíonn gaolmhaireacht ghnó le daoine atá faoi riteacht pholaitiúil, is é sin formheas na bainistíochta sinsearaí chun gaolmhaireachtaí gnó a bhunú nó a leanúint le daoine den sórt sin, bearta leordhóthanacha chun an fhoinse saibhris agus an fhoinse cistí atá bainteach le gaolmhaireachtaí gnó nó le hidirbhearta gnó a shuí, agus faireachán leanúnach feabhsaithe ar na gaolmhaireachtaí gnó sin. Iarrtar freisin in Airteagal 65(1) an tríú fomhír go mbeidh moltaí reachtacha iomchuí ag gabháil leis an tuarascáil, más gá, i gcás inarb iomchuí, maidir le cur i bhfeidhm riosca-bhunaithe na mbeart sin.

Cuireadh ceanglais FATF maidir le daoine atá faoi riteacht pholaitiúil chun feidhme i reachtaíocht AML/CFT an Aontais, go háirithe in Airteagal 3(9), Airteagal 3(10) agus in Airteagal 3(11) de Threoir (AE) 2015/849 maidir le sainmhínithe, agus freisin in Airteagal 20 de Threoir (AE) 2015/849 maidir le bearta breise i dtaca le dícheall cuí do chustaiméirí. Sainmhíníonn an FATF duine atá faoi riteacht pholaitiúil mar dhuine aonair a bhfuil feidhm shuntasach phoiblí ar a iontaoibh nó ar cuireadh feidhm shuntasach phoiblí ar a iontaoibh. Is é an réasúnaíocht atá le bearta breise a chur i bhfeidhm maidir le daoine faoi riteacht pholaitiúil ná go bhfuil riosca méadaithe ann go ndéanfaidh siad cionta ML/TF i ngeall ar a staid fhabhrach agus a dtionchar. Dá bhrí sin, leagann FATF amach i Moladh 12 liosta de cheanglais choisctheacha chun na rioscaí sin a mhaolú ([34]). Ceanglaítear ann gur cheart d'institiúidí airgeadais, in éineacht le gnáth-bhearta a dhéanamh maidir le dícheall cuí do chustaiméirí mar a leagtar amach i Moladh 10, córais bainistithe rioscaí iomchuí a bheith acu chun a chinneadh cé acu is duine faoi riteacht pholaitiúil eachtrach é an custaiméir nó a úinéir tairbhiúil, nó nach ea. Ciallaíonn sé sin go nglacfar céimeanna réamhghníomhacha, amhail measúnú a dhéanamh ar chustaiméirí ar bhonn critéar riosca, próifílí

([34]) An Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (2012-2023), International Standards on Combating Money Laundering and the Financing of Terrorism & Proliferation, FATF, Páras, an Fhrainc www.fatf-gafi.org/recommendations.html

riosca, na samhla gnó, agus fíorú ar fhaisnéis maidir le dícheall cuí do chustaiméirí ([35]). Chun a chinneadh an duine faoi riteacht pholaitiúil intíre nó duine faoi riteacht pholaitiúil ar leibhéal eagraíochtaí idirnáisiúnta é duine, ceanglaítear le Moladh 12 go nglacfaí bearta réasúnacha bunaithe ar an measúnú ar leibhéal riosca na gaolmhaireachta gnó, rud a chiallaíonn go ndéanfar athbhreithniú ar an bhfaisnéis maidir le dícheall cuí do chustaiméirí a bailíodh i gcomhréir le Moladh 10. Má mheastar gur duine faoi riteacht pholaitiúil eachtrach é custaiméir nó má tá gaolmhaireacht ghnó lena ngabhann riosca níos airde ann le daoine faoi riteacht pholaitiúil in eagraíocht intíre nó idirnáisiúnta, ba cheart bearta maolaithe riosca feabhsaithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Moladh 12. Áirítear leis na bearta sin cead a fháil ón mbainistíocht shinsearach chun gaolmhaireachtaí gnó den sórt sin a bhunú nó leanúint díobh, bearta réasúnacha a ghlacadh chun an fhoinse saibhris agus an fhoinse cistí a shuí, agus faireachán leanúnach feabhsaithe a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht ghnó. Ba cheart na ceanglais le haghaidh gach cineáil duine faoi riteacht pholaitiúil a chur i bhfeidhm freisin maidir lena mbaill teaghlaigh nó lena ndlúthpháirtithe.

Le hAirteagal 20 de Threoir (AE) 2015/849 tógtar na bearta feabhsaithe uile maidir le dícheall cuí a cheanglaítear le FATF gan idirdhealú a dhéanamh idir daoine atá faoi riteacht pholaitiúil eachtracha agus intíre.

7. CEARTA BUNÚSACHA

Le hAirteagal 65(1)(g) iarrtar meastóireacht ar conas a urramaíodh na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is iad na cearta bunúsacha mar a leagtar síos sa Chairt iad cnámh droma chóras dlí an Aontais agus ní mór seasamh leo i gcónaí. Cuirtear forálacha na Cairte i láthair institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais ina gcuid gníomhaíochtaí uile agus i láthair na n-údarás náisiúnta le linn dóibh dlí an Aontais a chur chun feidhme. Tugtar cosaint sa Chairt do dhaoine aonair agus d'eintitis dhlíthiúla in aghaidh gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na hinstitiúidí agus na húdaráis a sháraíonn cearta bunúsacha.

Is gá na cearta agus na prionsabail a chumhdaítear sa Chairt a chur san áireamh ag gach céim de phróiseas reachtach an Aontais. Chun a áirithiú go dtugtar urraim don Chairt sna tograí uile le haghaidh reachtaíocht an Aontais, is gá don Choimisiún measúnú a dhéanamh cheana féin ar an tionchar a bheidh ag tograí nua ar chearta bunúsacha le linn dó iad a ullmhú. Le linn an phróisis reachtaigh, oibríonn an Coimisiún leis na comhreachtóirí chun a áirithiú go bhfuil dlí an Aontais i gcomhréir leis an gCairt. Maidir le cosaint sonraí, chun comhsheasmhacht na rialacha a áirithiú ar fud an Aontais, caithfidh an Coimisiún, i ndiaidh dó na tograí le haghaidh gníomh reachtach a ghlacadh, dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi cé acu atá nó nach

([35]) Treoraíocht FATF maidir le Daoine atá faoi Riteacht Pholaitiúil (Moltaí 12 agus 22), Mí an Mheithimh 2013. TREORAÍOCHT FATF (fatf-gafi.org)TREORAÍOCHT FATF (fatf-gafi.org)

bhfuil tionchar aige ar chosaint chearta agus saoirsí daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ([36]). I mí Mheán Fómhair 2021, d'eisigh an Maoirseoir Tuairim ar phacáiste reachtach AML/CFT an Choimisiúin ([37]), inar chuir sé fáilte roimh na cuspóirí a shaothraítear sna tograí go ginearálta.

A mhéid a bhaineann le sáruithe ar an gCairt, ba cheart dúinn idirdhealú a dhéanamh idir roinnt cásanna: má sháraíonn gníomhaíochtaí a dhéanann institiúid AE cearta bunúsacha, tá an chumhacht ag an gCúirt Bhreithiúnais dlíthiúlacht an ghnímh a athbhreithniú. Má sháraíonn údarás náisiúnta cearta faoin gCairt le linn dó dlí an Aontais a chur chun feidhme, tá an chumhacht ag breithiúna náisiúnta a áirithiú go n-urramaítear an Chairt, i gcomhréir le cás-dlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is féidir leis an gCoimisiún Ballstát a thabhairt chun cúirte de bharr cearta bunúsacha a shárú le linn dó dlí an Aontais a chur chun feidhme, e.g. má chuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm le beart náisiúnta ar bhealach atá ar neamhréir leis an gCairt.

Maidir le ceanglais AML/CFT, luaigh an Chúirt Bhreithiúnais an meas do chearta bunúsacha i gcomhthéacsanna difriúla, go háirithe i dtaca le hAirteagal 7 den Chairt maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus le hAirteagal 8 maidir le sonraí pearsanta a chosaint, chomh maith le hAirteagal 12 maidir le saoirse comhthionóil agus comhlachais.

I bhfianaise Airteagail 7 agus 8, thug an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas maidir leis na forálacha ar rochtain phoiblí ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil le haghaidh eintitis chorparáideacha agus eintitis dhlíthiúla eile chun ML/TF a chosc ([38]). Ina breithiúnas, neamhbhailigh an Chúirt an fhoráil i dTreoir (AE) 2015/849 i gcás nach mór do Bhallstáit a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil i dtaca le heintitis chorparáideacha agus eintitis dhlíthiúla eile a corpraíodh laistigh dá gcríoch inrochtana i ngach cás d'aon duine den phobal (Airteagal 30(5), pointe c de Threoir (AE) 2015/849 arna leasú le Treoir (AE) 2018/843). Fuair an Chúirt gur cuimsíodh le rochtain neamh-idirdhealaitheach den sórt sin cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha i dtaca le meas ar an saol príobháideach agus ar chosaint sonraí pearsanta. Sa chás idir lámha, ní fhéadfaí an cur isteach sin a bhreithniú mar rud a bhfuil bonn cirt leis toisc nár chomhlíon sé na tástálacha is infheidhme maidir le riachtanas agus comhréireacht.

([36]) Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([37]) Tuairim 12/2021, https://edps.europa.eu/system/files/2021-09/21-09-22_edps-opinion-aml_en.pdf

([38]) Breithiúnas na Cúirte an 22 Samhain 2022 i gcásanna uamtha WM (C-37/20) agus SOVIM SA (C-601/20) i gcoinne Luxembourg Business Registers: https://curia.europa.eu/juris/document/document.jsf?text=&docid=268059&pageIndex=0&doclang=en&mode=lst&dir=&occ=first&part=1&cid=1503497

I bhfianaise Airteagail 7, 8 agus 12 den Chairt maidir leis an gceart ar mheas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart maidir le cosaint sonraí pearsanta agus an ceart ar shaoirse comhlachais, thug an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas freisin maidir le srianta arna bhforchur ag Ballstát ar mhaoiniú eagraíochtaí sibhialta ag daoine arna mbunú lasmuigh den Bhallstát sin ([39]). Ina breithiúnas, mhaígh an Chúirt gur thug an Ballstát srianta idirdhealaitheacha agus gan bhunús isteach a bhí contrártha do na hoibleagáidí atá ar Bhallstáit i leith saorghluaiseacht caipitil a leagtar síos in Airteagal 63 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagail 7, 8 agus 12 den Chairt. A mhéid a bhaineann leis an réasúnú atá leis an srian sin, thug an Chúirt ar aird go bhféadfaí brath ar fhorais a bhaineann le beartas poiblí nó an tslándáil phoiblí, a chumhdaíonn go háirithe an troid in aghaidh sciúradh airgid, in aghaidh maoiniú sceimhlitheoireachta agus in aghaidh na coireachta eagraithe. Mar sin féin, ní fhéadfar brath ar na forais sin mura bhfuil fíorbhagairt láithreach agus sách tromchúiseach ann do leasanna bunúsacha na sochaí nár léirigh an Ballstát sa chás sonrach sin.

A mhéid a bhaineann le meas ar chearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear sa Chairt ar an leibhéal náisiúnta, fiosraíodh i suirbhé 2022 ar Bhallstáit go háirithe faoi chur isteach féideartha ar cheanglais AML leis na cearta agus na prionsabail bhunúsacha seo a leanas a chumhdaítear sa Chairt: (i) Airteagal 7 maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh; (ii) Airteagal 8 maidir le cosaint sonraí pearsanta; (iii) Airteagal 11 maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil; (iv) Airteagal 12 maidir le saoirse comhthionóil agus comhlachais; (v) Airteagal 16 maidir leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh; (vi) Airteagal 17 maidir leis an gceart chun maoine; (vii) Airteagal 20 maidir le comhionannas os comhair an dlí; (viii) Airteagal 21 maidir le neamh-idirdhealú; (ix) Airteagal 47 maidir leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil; (x) Airteagal 48 maidir le toimhde na neamhchiontachta agus ceart chun cosaint a fháil; (xi) Airteagal 49 maidir le prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis; agus (xii) Airteagal 50 maidir leis an gceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna. Thuairiscigh ocht mBallstát imeachtaí a tionscnaíodh os comhair cúirteanna náisiúnta a bhain leis an gcineál sin cur isteach. Níorbh eol do Bhallstáit eile a d'fhreagair an cheist gur ann do chásanna den sórt sin.

Níor thuairiscigh Ballstáit ar chásanna maidir le cur isteach ar chearta bunúsacha eile seachas na cinn a luaitear thuas. A mhéid a bhaineann leis an gceart maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta, taispeánadh an méid seo a leanas i suirbhé 2022: comhdaíodh gearáin riaracháin maidir le ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/849 le húdaráis cosanta sonraí i dtromlach na mBallstát (17). Chuathas i gcomhairle le húdaráis cosanta sonraí i gcomhthéacs ullmhú na

([39]) Breithiúnas na Cúirte an 18 Meitheamh 2020 i gcás (C-78/18 'An Coimisiún v An Ungáir'): https://curia.europa.eu/juris/document/document.jsf;jsessionid=98151443F97F6BA2D856266F83B1C03F?text=&docid=227569&pageIndex=0&doclang=en&mode=req&dir=&occ=first&part=1&cid=112968

ngníomhartha náisiúnta chun ceanglais Threoir (AE) 2015/849 a thrasuí nó a chur chun feidhme i mbeagnach na Ballstáit uile (24). Liostaigh naoi mBallstát eile na cineálacha eile gearán a comhdaíodh / comhairliúchán a rinneadh le húdaráis náisiúnta eile ag a bhfuil tionchar ar an idirghníomhaíocht idir ceanglais AML/CFT agus cearta bunúsacha.

8. CEANGLAIS MAIDIR LE TOGRAÍ REACHTACHA FÉIDEARTHA DE BHUN AIRTEAGAL 65(1) AN TRÍÚ FOMHÍR

Iarrtar in Airteagal 65(1) an tríú fomhír de Threoir (AE) 2015/849 ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann tograí nua reachtacha a dhéanamh maidir le roinnt topaicí sonracha, go háirithe bunachair sonraí úsáideoirí airgeadra fhíorúil, oifigí gnóthaithe sócmhainní agus daoine atá faoi riteacht pholaitiúil. Tugadh aghaidh ar an gcatagóir deiridh sin cheana féin i roinn 6.

8.1. Bunachair sonraí úsáideoirí airgeadra fhíorúil

I dtaca le hairgeadraí fíorúla, ceanglaítear le hAirteagal 65(1) an tríú fomhír de Threoir (AE) 2015/849 ar an gCoimisiún togra reachtach a tharraingt suas – más iomchuí – lena n-áirítear cumhachtuithe chun bunachar sonraí lárnach a chur ar bun agus a chothabháil lena gclárófar céannachtaí agus seoltaí tiachóige úsáideoirí airgeadra fhíorúil a bheidh inrochtana do FIUnna, chomh maith le foirmeacha féindearbhaithe le haghaidh úsáid na n-úsáideoirí airgeadra fhíorúil.

Chun bunachar sonraí lárnach a chruthú ar leibhéal an Aontais cheanglófaí ar na Ballstáit cláir den sórt sin a bheith i bhfeidhm acu cheana féin, a bheifí in ann a idirnascadh ansin le cur isteach i gclár lárnach, nó de rogha air sin leithdháilfí an bealach sin ar leibhéal an Aontais chun clár lárnach a chruthú go díreach ([40]). Taispeántar i suirbhé 2022 nach bhfuil cláir chuntais criptea-shócmhainní i bhfeidhm ag Ballstáit faoi láthair. Rinneadh roinnt athruithe ar rialáil airgeadraí fíorúla ar leibhéal idirnáisiúnta agus Eorpach ó glacadh Treoir (AE) 2018/843, lenar tugadh isteach an tagairt do thogra reachtach féideartha maidir le bunachar sonraí úsáideoirí airgeadra fhíorúil.

Ghlac an FATF caighdeáin nua maidir le teicneolaíochtaí nua i mí an Mheithimh 2019, ag ceangal ar dhlínsí soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní fíorúla a rialáil (ar a dtugtar soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní freisin i gcreat dlíthiúil an Aontais) chun críocha AML/CFT agus iad a bheith ceadúnaithe nó cláraithe agus a bheith faoi réir córais éifeachtacha chun faireachán a dhéanamh ar na bearta ábhartha a éilítear i moltaí FAFT agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar iad. Ceanglaítear inrianaitheacht freisin leis na caighdeáin sin maidir le haistrithe sócmhainní fíorúla. Go sonrach, ní mór do sholáthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla faisnéis mhionsonraithe maidir lena dtionscnóirí agus lena dtairbhithe (an ‘riail taistil’) a chur in éindí le haistrithe acu. Táthar ag

([40]) Féach ‘Study on developments with regard to virtual assets users and the possibility to set-up and maintain a central database registering users’ identities and wallet addresses accessible to financial intelligence units (FIUs)’, a foilsíodh in 2021.

tabhairt an cheanglais sin isteach i ndlí an Aontais le Rialachán (AE) 2023/1113 an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a bheidh ag gabháil le haistrithe cistí agus le criptea-shócmhainní áirithe (Rialachán TFR) ([41]), ar athmhúnlú é de Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí ([42]).

Cuimsítear le pacáiste reachtach AML/CFT 2021 roinnt tograí breise chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí ML/TF a bhaineann le húsáid airgeadraí fíorúla agus chun na rioscaí sin a mhaolú. Ar dtús, soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla uile ar dócha go n-ardóidh siad rioscaí maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, cuirtear leis an liosta d'eintitis faoi oibleagáid iad. An dara rud, beartaítear ann cosc a chur ar sholáthar agus ar choimeád tiachóg criptea-shócmhainní anaithnid toisc nach mbítear in ann aistrithe criptea-shócmhainní a rianú leo sin agus gabhann riosca mí-úsáide níos mó leo chun críoch coireachta.

Ar leibhéal níos ginearálta, is é is aidhm don Rialachán maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní creat dlíthiúil soiléir, tiomnaithe agus comhchuibhithe a sholáthar san Aontas le haghaidh criptea-shócmhainní agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní trína cheangal go ndéanfadh údarás náisiúnta inniúil iad a údarú chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh. Cuirfear cosaint leordhóthanach i bhfeidhm freisin leis an Rialachán seo le haghaidh na dtomhaltóirí uile de réir mar a rachaidh siad trí mhalairtí údaraithe, tiachóga agus ardáin trádála chun criptea-shócmhainní a cheannach, a thrádáil agus a aistriú.

Ar an iomlán, leis an Rialachán nua maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní agus an Rialachán TFR méadófar go mór an faireachán a dhéanfaidh údaráis inniúla ar aistrithe criptea-shócmhainní le haghaidh ML/TF ar fud an Aontais. Maolófar a thuilleadh leis an Rialachán nua AML na rioscaí ML/TF a bhaineann le húsáid airgeadraí fíorúla, ach ní bheidh foráil ann chun bunachar sonraí lárnach a chruthú dá dtagraítear in Airteagal 65(1) de Threoir (AE) 2015/849. Le glacadh Rialachán (AE) 2023/113, áireofar soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní faoi raon feidhme institiúidí airgeadais de réir bhrí Threoir AML, agus beidh siad dá réir sin faoi réir na rialacha AML/CFT uile is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais, rud lena n-áiritheofar go mbeidh údaráis inniúla, lena n-áirítear FIUnna, in ann faisnéis maidir le sealbhóirí tiachóg criptea-shócmhainní coimeádach a rochtain go tapa.

([41]) Rialachán (AE) 2023/1113 an 31 Bealtaine 2023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le criptea-shócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L150, 9.6.2023, lch. 1).

([42]) Rialachán (AE) 2015/847 an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1).

8.2. Comhar idir Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní na mBallstát

Le hAirteagal 65(1) an tríú fomhír de Threoir (AE) 2015/849 iarrtar ar an gCoimisiún togra reachtach a chur síos, más iomchuí, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní na mBallstát.

An 25 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir nua maidir le gnóthú agus coigistiú sócmhainní ([43]). Soláthraítear tacar cuimsitheach rialacha ann ina dtugtar aghaidh ar ghnóthú sócmhainní ó thús deireadh – ó rianú agus sainaithint, reo agus bainistíocht, go dtí coigistiú agus diúscairt deiridh sócmhainní. Go sonrach, is é is aidhm don togra acmhainneacht na nOifigí Gnóthaithe Sócmhainní a neartú chun fáltais na coireachta a rianú agus a shainaithint, trí rochtain níos leithne a chur ar fáil dóibh ar an bhfaisnéis is gá, malartú tobann faisnéise a áirithiú i measc na n-oifigí sin agus a chur ar a gcumas dóibh réadmhaoin a reo ar bhonn práinne i gcás ina bhfuil baol ann go bhféadfadh sócmhainní diomailt.

9. CONCLÚID AGUS FORLÉARGAS

Chonacthas roinnt mhaith dúshlán sa réimse AML/CFT le blianta beaga anuas. Cé gur tháinig athrú mór ar an timpeallacht riosca, thug an Coimisiún freagra leanúnach ar na hathruithe sin trí anailís thráthrialta a dhéanamh ar an riosca, treoraíocht scríofa a sholáthar do Bhallstáit agus do pháirtithe leasmhara agus trí idiragairt a dhéanamh i gcásanna ina ndéanann Ballstáit trasuí contráilte nó neamhiomlán. Rannchuidigh ÚBE le cineálacha cur chuige comhchuibhithe agus le cóineasú maoirseachta trína chuid oibre ar athbhreithnithe piaraí ar chleachtais mhaoirseachta, roinnt mhaith treoirlínte agus tuairimí sa réimse a bhaineann le cur i bhfeidhm beart riosca-bhunaithe ag institiúidí creidmheasa agus airgeadais, chomh maith le hobair ar chomhar idir maoirseoirí. Le cúpla bliain anuas, rinneadh feabhsúcháin mhóra go háirithe ar réimsí an mhalartaithe faisnéise agus an chomhair idir maoirseoirí AML/CFT san earnáil airgeadais.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a sainaithníodh maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/849, mhol an Coimisiún pacáiste uaillmhianach reachtach AML/CFT in 2021. Tugtar isteach athchóiriú cuimsitheach leis, ó pheirspictíocht rialála agus institiúide, ar chreat AML/CFT an Aontais. Faoin bpacáiste sin, bogfar cuid shubstaintiúil den Treoir chuig Rialachán ionas go mbeidh eintitis faoi oibleagáid faoi réir rialacha a bheidh infheidhme go díreach. Leis sin ní bheidh gá le trasuí agus cuirfear deireadh leis an bhféidearthacht go dtarlóidh éagsúlachtaí náisiúnta agus an tráth céanna laghdófar an mhoill a bhainfidh le rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm. Foráiltear le Rialachán AML do cheanglais chomhchuibhithe le haghaidh beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha agus dícheall cuí do chustaiméirí, sonraítear ann

([43]) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, COM/2022/245 final.

thairis sin rialacha ar thrédhearcacht maidir le húinéireacht thairbhiúil eintiteas dlíthiúil agus socruithe dlíthiúla agus leathnaítear ann an liosta d'eintitis faoi oibleagáid i measc cinn eile do sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní. Sa togra le haghaidh Treoir AML/CFT athbhreithnithe neartaítear na cúraimí, na cumhachtaí agus na huirlisí atá ag maoirseoirí agus ag FIUnna chun feabhas a chur ar a bhfeidhmiú. Is é is aidhm dó rialacha soiléire a leagan amach do na húdaráis uile chun comhar agus comhroinnt faisnéise éifeachtach a áirithiú. Soláthrófar leis sin uile córas cuimsitheach agus comhtháthaithe don Aontas atá ar cóimhéid le comhtháthú a mhargaidh aonair. Cuimseofar leis an gcóras nua maoirseachta AML/CFT comhtháite an tÚdarás nua um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC) ag a chroílár agus beidh sainordú maoirseachta AML/CFT ag na húdaráis náisiúnta agus beidh sé bunaithe ar chur chuige maoirseachta comhchoiteann agus ar mhodheolaíochtaí measúnaithe riosca. Chun maoirseacht éifeachtach agus chomhsheasmhach a áirithiú déanfaidh ÚSAC maoirseacht dhíreach ar na heintitis airgeadais trasteorann is mó a bhfuil riosca ag baint leo agus comhordóidh sé údaráis náisiúnta maoirseachta agus gníomhaíochtaí maoirseachta, lena n-áirítear don earnáil neamhairgeadais. Cuirfear feidhm chomhordaithe FIU ar iontaoibh ÚSAC freisin. Toisc go raibh gné thrasteorann ag baint leis na mórchásanna sciúrtha airgid a tuairiscíodh san Aontas le déanaí, is é is aidhm don chur chuige seo comhar agus malartú faisnéise níos dlúithe a áirithiú i measc FIUnna agus sineirgí a bhaint amach freisin idir maoirseoirí agus FIUnna. Beidh ról suntasach dá bhrí sin ag ÚSAC maidir le sciúradh airgid, a choireanna preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrath, agus beidh sé mar chnámh droma ag creat láidir AML/CFT de chuid an Aontais.